EDPS

AN MAOIRSEOIR EORPACH
AR CHOSAINT SONRAÍ



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN ‘22



Tá tuilleadh eolais faoi MECS le fáil ar ár suíomh gréasáin ar edps.europa.eu.

Is féidir clárú ar an suíomh gréasáin chun ár nuachtlitir a fháil.

Port Láirge, Éire - an Bhruiséil, an Bheilg: Trilateral Research Ltd, Vrije Universiteit Brussel, 2023

© Dearadh agus Grianghraif: Trilateral Research Ltd, MECS & an tAontas Eorpach

© An tAontas Eorpach, 2023

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua. Más mian leat úsáid a bhaint as grianghraif nó aon ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, nó iad a atáirgeadh, ní mór cead a iarraidh go díreach ó na sealbhóirí cóipchirt.

PRINT ISBN 978-92-9242-755-9 doi: 10.2804/353416 QT-AB-23-001-GA-C

PDF ISBN 978-92-9242-722-1 ISSN 1831-0648 doi: 10.2804/697 QT-AB-23-001-GA-N

# RÉAMHRÁ



Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2022 MECS a roinnt libh. Is iomaí machnamh a dhéanaim nuair a bhreathnaím siar ar an mbliain seo. Bliain eachtrach a bhí ann: dúshlánach agus dóchasach, deacair ach spreagúil - don domhan i gcoitinne, agus do MECS araon.

Le hionradh na Rúise ar an Úcráin i mbliana, spreagadh freagairt gan fasach ón Aontas Eorpach (AE). Tá sé cruthaithe ag an Aontas le bliain anuas go bhfuil sé in ann teacht ar réitigh uile-Aontais, go háirithe roimh bhagairt sheachtrach, ar bhealach, trína bhféadtar ní hamháin dlúthpháirtíocht a chruthú, ach trína bhféadtar cloí lenár bpríomhluachanna agus lenár bpríomhphrionsabail. Is den mheon sin é go raibh sé mar aidhm ag MECS freisin a léiriú le bliain anuas go bhfuilimid tiomanta seasamh leis an gceart bunúsach chun cosanta sonraí, fiú le linn géarchéimeanna inar ghá lenár mbearta agus lenár bhfreagairtí a bheith tapa agus éifeachtúil. Is fianaise ar ár dtuairim é go bhfuilimid níos láidre le chéile, iad ár n-iarrachtaí chun tacú le reachtóirí an Aontais sa phróiseas reachtach agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt Eurojust, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil.

D'ainneoin na n-imeachtaí uafásacha domhanda sin, taispeánadh uaillmhian agus forbairt le linn na bliana seo - am chun machnamh a dhéanamh ar thodhchaí a chruthú a bheidh in ann dul i ngleic go héifeachtach le dúshláin an lae inniu. Agus muid ag glacadh go hiomlán leis an saol mar atá tar éis na paindéime, d'eagraíomar sa Bhruiséil comhdháil an 16 agus an 17 Meitheamh maidir le "The Future of Data Protection: Effective Enforcement in the Digital Age" ("*Todhchaí na Cosanta Sonraí: Forfheidhmiú Éifeachtach san Aois Dhigiteach*"). Ag an gcomhdháil sin, rinneamar os cionn 2000 rannpháirtí a chruinniú le chéile, go pearsanta agus go cianda, maidir le príomhchuspóir amháin: dul chun cinn a chothú sa díospóireacht maidir le todhchaí fhorfheidhmiú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, ceithre bliana tar éis a theacht i bhfeidhm. Táim bródúil as an ócáid sin agus as an bplé saibhir a tháinig chun cinn le linn na comhdhála a mhair ar feadh dhá lá, agus spreagadh gníomhartha nithiúla sa phobal um chosaint sonraí dá bharr. Dhá shampla thábhachtacha den éifeacht a bhí ag ár gcomhdháil is ea gealltanais an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí a léirítear ina Ráiteas ó Chruinniú Mullaigh Vín, nó i bpleananna an Choimisiúin Eorpaigh reachtaíocht a mholadh lena gcomhchuibhítear gnéithe áirithe nós imeachta den chomhar trasteorann idir údaráis cosanta sonraí. Táim ag súil go mór le feiceáil cén treo a rachaimid mar thoradh ar an gcomhrá sin, agus táim buíoch dár bpobal i gcoitinne as a misneach sa mhachnamh sin.

Tá ról ar leith ag MECS maoirseacht a dhéanamh ar údaráis phoiblí amháin, toisc gurb é an t-údarás cosanta sonraí a dhéanann maoirseacht ar institiúidí, oifigí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí AE. Tríd an ról sin, cuirtear braistint freagrachta orainn chun cur le machnamh a dhéanamh ar fheidhm an stáit i sochaí dhaonlathach. Mar shampla, spreagadh muid dá bharr, ár Réamhbharúlacha MECS maidir le hEarraí Spiaireachta a roinnt mar iarracht chun maoirseacht dhaonlathach níos fearr a chruthú i ndáil le cleachtais a bhaineann le forfheidhmiú an dlí nó slándáil náisiúnta.

Sa chomhthéacs sin, d’eisíomar Ordú MECS do Europol chun tacair mhóra sonraí a scriosadh nach bhfuil aon sonraí bunaithe acu atá nasctha le gníomhaíocht choiriúil. Is comhartha í an fhreagairt reachtach ar an ábhar sin agus an t-iarratas a rinne MECS ina dhiaidh sin ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh forálacha cúlghabhálacha Rialachán leasaithe Europol a neamhniú, ar comhartha í dár gcreideamh domhain gur féidir leis an Aontas Eorpach - agus gur cheart - caighdeáin dhomhanda a leagan síos maidir leis an smacht reachta agus luachanna daonlathacha.

Ionas go dtarlódh sé sin, ba cheart leanúint d’fhéachaint leis na caighdeáin is airde a bhaint amach san Aontas é féin. Maidir leis na blianta amach romhainn, táimid tiomanta i gcónaí do rannchuidiú leis an dianiarracht thábhachtach seo. Táim cinnte go mbeidh dúshláin éagsúla romhainn agus go dtarlóidh nochtadh ann féin an bhliain seo chugainn - ach táim ag tnúth le dul i ngleic leo, in éineacht lenár bhfoireann dhinimiciúil thiomnaithe in MECS.

**Wojciech Wiewiórowski**
An Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí

CAIBIDIL A HAON

# Eolas fúinn



## 1.1.
## MECS

### Cé sinn

Is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) údarás neamhspleách um chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh a bhfuil sé de chúram air maoirseacht a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Eorpacha (EUInna)

Tugaimid comhairle do EUInna maidir le tograí agus tionscnaimh reachtacha nua a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

Déanaimid faireachán ar thionchar na dteicneolaíochtaí nua ar chosaint sonraí agus oibrímid i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta chun forfheidhmiú comhsheasmhach rialacha cosanta sonraí AE a áirithiú.

### Ár misean

Is ceart bunúsach é cosaint sonraí, a chosnaítear faoin dlí Eorpach. Cuirimid cultúr láidir cosanta sonraí chun cinn sna EUInna.

## Ár luachanna agus ár bprionsabail

Tugaimid faoinár gcuid oibre de réir na gceithre luach seo a leanas.

- **Neamhchlaontacht**: oibriú laistigh den chreat reachtaíochta agus beartais a dtugtar dúinn, a bheith neamhspleách agus oibiachtúil, an chothromaíocht cheart a aimsiú idir na leasanna atá i gceist.

- **Ionracas**: na caighdeáin is airde iompraíochta a chaomhnú agus an rud ceart a dhéanamh i gcónaí.

- **Trédhearcacht**: míniú a thabhairt ar a bhfuil ar siúl againn agus cén fáth, i dteanga shoiléir atá inrochtana ag gach duine.

- **Pragmatachas**: tuiscint a fháil ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara agus réitigh a aimsiú a oibríonn ar bhealach praiticiúil.

## An méid a dhéanaimid

Tá ceithre phríomhréimse oibre againn.

- **Maoirseacht agus Forfheidhmiú**: Déanaimid monatóireacht ar phróiseáil sonraí pearsanta ag EUInna chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na rialacha maidir le cosaint sonraí.

- **Beartas agus Comhairliúchán**: Tugaimid comhairle don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le tograí reachtacha agus tionscnaimh a bhaineann le cosaint sonraí.

- **Teicneolaíocht agus Príobháideachas**: Déanaimid monatóireacht agus measúnú ar fhorbairtí teicneolaíochta a bhfuil tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta. D'fhonn comhlíonadh na rialacha maidir le cosaint sonraí a áirithiú, déanaimid maoirseacht ar an gcaoi a gcuirtear cosaintí leordhóthanacha chun feidhme leis na córais a thacaíonn le próiseáil sonraí pearsanta ag EUInna. Cuirimid claochlú digiteach MECS chun feidhme.

- **Comhar**: Oibrímid le húdaráis mhaoirseachta chun cosaint chomhsheasmhach sonraí a chur chun cinn ar fud AE. Is é an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí an príomhardán atá againn le haghaidh comhar leis na húdaráis cosanta sonraí, an té a gcuirimid rúnaíocht ar fáil dó, agus a bhfuil Meabhrán Tuisceana againn leis, ina sainítear an chaoi a n-oibrímid le chéile.

## Ár gCumhachtaí

Leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1725 na cumhachtaí atá againn mar údarás cosanta sonraí na EUInna.

Faoin Rialachán seo, féadfaimid, mar shampla, rabhadh nó achasán a thabhairt do EUI atá ag próiseáil sonraí pearsanta go neamhdhleathach nó go héagórach; a ordú do EUInna cloí le hiarrataí chun cearta daoine aonair a fheidhmiú; toirmeasc sealadach nó críochnaitheach a fhorchur ar oibríocht próiseála

sonraí ar leith; fíneálacha riaracháin a ghearradh ar EUInna; cás a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Tá cumhachtaí sonracha againn freisin maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí seo a leanas sonraí pearsanta a phróiseáil: Europol - Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí faoi Rialachán 2016/794; Eurojust - Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil faoi Rialachán 2018/1727; agus OIPE - Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh faoi Rialachán (AE) 2017/1939; chomh maith le Frontex - an Garda Teorann agus Cósta Eorpach.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi MECS, féach ar ár leathanach Ceisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin MECS.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chosaint sonraí i gcoitinne, féach ar ár leathanach Gluaise ar shuíomh gréasáin MECS.

## 1.2.
## Straitéis MECS 2020-2024

I ndomhan nasctha, áit a mbíonn sonraí ag sreabhadh thar theorainneacha, beidh dlúthpháirtíocht laistigh den Eoraip agus go hidirnáisiúnta ina cuidiú leis an gceart chun cosaint sonraí a neartú agus lena áirithiú go n-oibríonn sonraí do dhaoine ar fud AE agus níos faide i gcéin.

Tá an Straitéis MECS do 2020-2024 dírithe ar thrí cholún: **Fadbhreathnaitheacht**, **Gníomh** agus **Dlúthpháirtíocht** chun todhchaí dhigiteach atá níos sábháilte, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a mhúnlú.

- **Fadbhreathnaitheacht**: ár dtiomantas do bheith ina hinstitiúid chliste a bhfuil dearcadh fadtéarmach aici ar threochtaí maidir le cosaint sonraí agus ar an gcomhthéacs dlíthiúil, sochaíoch agus teicneolaíoch.

- **Gníomhaíocht**: uirlisí a fhorbairt go réamhghníomhach d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Eorpacha (EUInna) chun bheith ina gceannairí domhanda i réimse na cosanta sonraí. Comhleanúnachas a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí na gcomhlachtaí forfheidhmiúcháin in AE le léiriú níos láidre ar fhíor-dhlúthpháirtíocht Eorpach, ar chomhroinnt ualaigh agus ar chur chuige comhchoiteann.

- **Dlúthpháirtíocht**: is é ár dtuairim go n-éilítear le ceartas go ndéantar príobháideachas a chosaint do gach duine, i mbeartais uile AE, agus gur cheart go mbeadh inbhuanaitheacht ina spreagadh maidir le próiseáil sonraí ar mhaithe le leas an phobail.

CAIBIDIL A DÓ

# Amach anseo: ár spriocanna do 2023 agus ina dhiaidh sin



## Athbhreithniú ar an Straitéis Mheántéarma - 'Todhchaí Dhigiteach Níos Sábháilte a Mhúnlú'

D'eascair Straitéis MECS 2020-2024 "Todhchaí Dhigiteach Níos Sábháilte a Mhúnlú" ó thairseach an athraithe dhomhanda. Arna scríobh go luath in 2020, leagadh amach trí cholún lárnacha straitéiseacha do MECS: **Fadbhreathnaitheacht**, **Gníomh**, agus **Dlúthpháirtíocht**. Ach ní fhéadfadh fiú ár saineolaithe réamhamhairc is fearr an t-aistriú paraidíme a bhí le leanúint a thuar. Bhí an phaindéim COVID-19, an cogadh san Úcráin, agus an ghéarchéim eacnamaíoch dhomhanda mar chuid den timpeallacht dhúshlánach a bhí os ár gcomhair, tar éis dúinn ár straitéis 2020 a ghlacadh.

Ba é sin an fáth ar chinneamar in 2022 athbhreithniú meántéarma a dhéanamh ar ár straitéis 2020-2024. Cuireadh tús leis an athbhreithniú meántéarma agus é mar aidhm aige measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh ar na cuspóirí atá liostaithe sa straitéis, agus ba thráth ríthábhachtach a bhí san athbhreithniú meántéarma maidir lena bhreithniú cibé an raibh gá le hathrú ar threo institiúideach i bhfianaise na timpeallachta domhanda atá i mbun athraithe. Sa chaibidil seo a leanas den Tuarascáil Bhliantúil cuirtear torthaí an athbhreithnithe mheántéarma i láthair agus leagtar amach inti fís agus tosaíochtaí athdhírithe MECS don chuid eile den straitéis.

## Nós imeachta an athbhreithnithe mheántéarma

Cuireadh cur chuige ón mbun aníos maidir leis an athbhreithniú meántéarma chun feidhme agus rinneadh meastóireacht ar an straitéis ón taobh istigh. Glacadh an cinneadh sin agus mar aidhm aige leas a bhaint as na peirspictíochtaí úra a bhí ag foireann MECS, agus aird á tabhairt ar an bhfás institiúideach a tharla ó 2020 i leith. Leis an gcur chuige seo, ligeadh dúinn leas a bhaint as eolas agus

taithí idirdhisciplíneach inmheánach d'fhoireann MECS, chun príomhréimsí lárnacha dár gcuid oibre sna blianta amach romhainn a shainaithint.

Tugadh faoin athbhreithniú meántéarma in dhá chéim. Anailís ar bhearnaí a bhí sa chéad chéim. Rinneadh an anailís sin ar bhonn cleachtadh mapála ar ghlac foireann uile MECS páirt ann. Cuireadh tús oifigiúil leis an gcleachtadh seo trí phlé idir an Maoirseoir agus foireann MECS, inar roinn an Maoirseoir an nós imeachta a bhí beartaithe maidir le machnamh agus breithniú oscailte na foirne. Tar éis ionchur luachmhar a fháil ar leibhéal na foirne, seoladh an cleachtadh mapála. Sa chleachtadh mapála, tugadh forléargas ar an 57 cuspóir a bhí liostaithe sa straitéis MECS 2020-2024 ar a ndearna foireann MECS machnamh ar cibé ar baineadh nó nár baineadh amach na cuspóirí agus ar a mhéid a baineadh amach iad. Tar éis an réamh-mheasúnaithe sin, rinneadh anailís ar bhearnaí chun staid dul chun cinn na gcuspóirí a shainaithint.

Le torthaí an chleachtaidh mapála, léiríodh an dul chun cinn suntasach a rinneamar chun na cuspóirí atá liostaithe sa straitéis a chur chun feidhme agus a bhaint amach. As an 57 cuspóir a liostaítear sa straitéis, léiríodh san anailís ar bhearnaí go bhfuil 15 chuspóir bainte amach go dtí seo, go bhfuil obair fós á dhéanamh ar 40 cuspóir, agus nach bhfuil ach 2 cheann acu ag próiseas luath cur chun feidhme.

Bhí torthaí dearfacha na hanailíse ar bhearnaí mar bhunchloch don dara céim den athbhreithniú meántéarma. Sa dara céim chomhairleach seo, chuathas i gcomhairle leis an bhfoireann MECS maidir le todhchaí MECS agus iarradh orthu breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh athrú i dtosaíochtaí don chuid eile den straitéis a bheith riachtanach de bharr fírinne nua ár dtimpeallachta. Díríodh aird ar leith ar réimsí lárnacha a shainaithint ar mhaith le MECS iarrachtaí breise a dhíriú orthu don chuid eile den straitéis.

## Torthaí an athbhreithnithe mheántéarma: ó thodhchaí dhigiteach níos sábháilte a mhúnlú go tacú lena bunú

Mar thoradh ar thorthaí an chomhairliúcháin, tháinig roinnt tosaíochtaí institiúideacha chun cinn, ar tosaíochtaí iad a mheasaimid a bheith ríthábhachtach agus táimid tiomanta d'aird agus d'acmhainní breise a thiomnú, don chuid eile den straitéis 2020-2024.

*Tosaíocht #1: Cosaint sonraí a fhorfheidhmiú go héifeachtach i dtimpeallacht rialála nua*

Le glacadh iliomad tionscnamh reachtach sa réimse digiteach, tá MECS, in éineacht le comhphobal na n-údarás cosanta sonraí, anois i dtimpeallacht rialála atá i bhfad níos casta. Tá feidhmeanna rialála nua agus údaráis rialála á mbeartú ag an reachtóir, mar thoradh ar an tírdhreach rialála nua sin, ina bhfuil reachtaíocht i gceist amhail an Gníomh um Rialachas Sonraí (DGA), an Gníomh um Margaí Digiteacha (DMA) agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus an Gníomh um Shonraí atá beartaithe.

Cé go luaitear sna gníomhartha sin i bprionsabal gan dochar a dhéanamh don RGCS (nó RCSAE), i roinnt forálacha sna rialacháin nua nó sna rialacháin atá le teacht tagraítear go sainráite do shainmhínithe, do choincheapa agus d'oibleagáidí RGCS. Thairis sin, cé go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta lárnach sna gníomhaíochtaí a rialaítear le gach gníomh, ní ainmnítear údaráis cosanta sonraí mar na príomhúdaráis inniúla. Cuirtear forfheidhmiú de chúram - go hiomlán nó go suntasach - ar údaráis a bhaineann a misin go príomha le cuspóirí beartais seachas cosaint sonraí nó príobháideachas. Dá bhrí sin, is gá cur chuige comhleanúnach a áirithiú maidir le gníomhaíochtaí rialála ar fud an réimse dhigitigh. Dá bhrí sin, oibreoimid chun coincheap a bheith againn ar ár ról maidir leis na húdaráis sin, agus chun ionchais na n-údarás sin maidir le MECS a shainaithint.

Ag tógáil ar a thaithí chomhdhlúite atá aitheanta go forleathan maidir le cur chuige comhleanúnach a áirithiú san éiceachóras digiteach, déanfaimid, dá bhrí sin, obair na bhfóram comhordúcháin ábhartha dá bhforáiltear leis an dlí, amhail Grúpa Ardleibhéil DMA agus fóraim chomhordúcháin ábhartha eile dá bhforáiltear leis an dlí, mar MECS agus mar chomhalta den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí araon, de réir mar is iomchuí, a stiúradh agus páirt ghníomhach a ghlacadh inti.

Déanfaimid comhar láidir leis na comhlachtaí ábhartha a chur chun cinn go gníomhach freisin i gcásanna nach bhforáiltear leis an dlí do chomhlacht comhordúcháin ar leith, ach i gceist leis an bhforfheidhmiú beidh gá le dlúth-idirphlé leis na húdaráis a mbeidh sé de chúram orthu forálacha a chur i bhfeidhm a bhfuil impleachtaí príobháideachais agus cosanta sonraí ag gabháil leo.

Ina theannta sin, déanfaimid ár ndícheall a áirithiú nach mbainfear an bonn de phrionsabail agus rialacha um chosaint sonraí de bharr reachtaíocht nua a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin, leanfaidh MECS de pháirt a ghlacadh inár bhfeidhm chomhairleach d'fhonn faireachán a dhéanamh ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar chur chun feidhme praiticiúil creataí rialála nua agus d'fhonn aird a tharraingt ar na hiarmhairtí sin. Déanfar gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a mheas freisin i gcás inar gá.

Is sa chomhthéacs sin atá MECS ag tabhairt aghaidh freisin ar an ról a d'fhéadfadh a bheith aige mar údarás maoirseachta ar institiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE (EUInna) maidir le hIntleacht Shaorga. Ó thaobh peirspictíochta eagraíochtúla agus modheolaíochta de araon, tá dianullmhúchán beartaithe chun a chinntiú go bhfuilimid réidh chun ár dtasc nua a chomhlíonadh ón tús.

Tá tábhacht straitéiseach an-mhór ag baint leis an tionscadal Euro Digiteach freisin agus éilítear leis dlúthchomhar i measc saineolaithe le saineolas beartais, dlí, teicneolaíochta agus maoirseachta. Cé go mbeidh cuid mhór ag brath ar na roghanna deartha a dhéanfar, is cinnte go mbeidh impleachtaí suntasacha ag an tionscadal Euro Digiteach ar phríobháideachas agus ar chosaint sonraí. Beidh gá freisin le grinnscrúdú dlúth a dhéanamh ar thograí eile a bhaineann leis an earnáil airgeadais, amhail an togra maidir leis an gcreat airgeadais oscailte reachtach, a mbeidh sé mar aidhm leis comhroinnt sonraí agus rochtain thríú páirtí a chumasú do raon leathan earnálacha agus táirgí airgeadais. Dá bhrí sin, breithneoimid le lánaird ar an idirghníomhú a d'fhéadfadh a bheith ann leis an nGníomh um Rialachas Sonraí agus leis an nGníomh um Shonraí.

Ag an gcomhdháil MECS a tionóladh i mí an Mheithimh 2022 maidir le"*The future of data protection: Effective enforcement in the digital world*" (Todhchaí na cosanta sonraí: Forfheidhmiú éifeachtach sa saol digiteach) spreagadh dul chun cinn suntasach a raibh géarghá leis sa díospóireacht phoiblí maidir le forfheidhmiú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Léiríonn na forbairtí gaolmhara, go háirithe Ráiteas Vín ó EDPB mar a thugtar air, agus an togra a d'fhógair an Coimisiún Eorpach le haghaidh Rialacháin lena gcomhchuibhítear gnéithe áirithe de rialacha nós imeachta náisiúnta, go leanfaidh iarrachtaí ar na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fheidhmiú RGCS de bheith chun tosaigh sa díospóireacht sna blianta amach romhainn. Léiríonn rath Chomhdháil MECS, ó thaobh leas an phobail agus tionchar de, go bhfuil ról suntasach ag MECS, mar institiúid neamhspleách AE, sa díospóireacht seo chun tacú le cuir chuige uile-Eorpach lena n-áirithítear go n-urramaítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go hiomlán.

*Tosaíocht #2: Idir-inoibritheacht mar dhúshlán lena n-éilítear cur chuige maoirseachta athchóirithe*

Le tús na hidir-inoibritheachta, tá oibleagáidí suntasacha os comhair MECS chun cur chuige maoirseachta éifeachtach a áirithiú. Le tabhairt isteach chreat idir-inoibritheachta an Aontais lena nglactar cur chuige nua maidir le bainistiú sonraí le haghaidh teorainneacha agus slándála, táimid ag déanamh athmhachnaimh dá bharr ar a mhodheolaíocht chun maoirseacht a dhéanamh ar chórais mhórscála TF. Leis na hathruithe idir-inoibritheachta atá beartaithe le creat AE, dhéanfaí roinnt córas mórscála TF a nascadh le bunachair sonraí Europol agus Interpol, rud a bheadh ina éiceachóras sreafa sonraí a mhéadódh na rioscaí d'ábhair sonraí arna nginiúint leis na córais fholuiteacha a oibriú.

Tá roinnt dúshlán aitheanta againn nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Mar gheall ar chastacht ollstruchtúr foriomlán agus ilroinnt na rialacha cosanta sonraí, tá gá le maoirseacht athchalabraithe lena ndírítear ar shreafaí sonraí, seachas ar fhaireachán ar leithligh a dhéanamh ar phróiseáil sonraí i gcórais éagsúla. Ar an gcaoi chéanna, tá gá le grinnscrúdú críochnúil a dhéanamh ar phrionsabal an teorannaithe de réir cuspóra de bharr gníomhaíochtaí breise próiseála sonraí a thabhairt isteach nár leagadh síos ar dtús san ionstraim dlí lena rialaítear bunú gach ceann de na córais TF ar mhórscála. Thairis sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí cinntí a bhfuil tionchar suntasach acu ar chosaint sonraí maidir le nósanna imeachta coiste agus aistrithe freagrachtaí chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA). Mura bhfuil bealach amháin ann chun cearta ábhair sonraí a fheidhmiú go comhuaineach ar fud na gcóras go léir, d'fhéadfadh ilroinnt na gceart sin a bheith ann.

Dá bhrí sin, díreoidh MECS ar an trí réimse tosaíochta seo a leanas, a bheidh mar bhonn dár maoirseacht ar an gcreat idir-inoibritheachta go dtí deireadh an tsainordaithe:

**(1) Cearta an ábhair sonraí** - Dírithe chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol a bhaineann le hilroinnt chearta an ábhair sonraí leis an éagsúlacht de bhunachar sonraí idir-inoibritheach a bhfuil rialaitheoirí iomadúla acu, féachfaimid an bhféadfaí maoirseacht chomhordaithe a dhéanamh (lena n-áirítear machnamh comhpháirteach le ÚCSanna maidir le nósanna imeachta um chearta an ábhair sonraí a chuíchóiriú). Ina theannta sin, beidh sé mar aidhm againn cur chuige réamhghníomhach a fhorbairt maidir le cearta an ábhair sonraí, go háirithe an ceart chun faisnéise.

**(2) Straitéis iniúchóireachta** - Straitéis shaincheaptha a fhorbairt le haghaidh iniúchtaí cosanta sonraí sna córais mhórscála TF agus na comhpháirteanna idir-inoibritheachta, arna gcur in oiriúint don éiceachóras nua, rud a d'fhéadfadh bheith mar chúis le haistriú ó iniúchadh a dhéanamh ar chórais stórais aonraithe go sreabhadh sonraí. Áireofar sa straitéis cur chuige comhpháirteach maidir le hidir-inoibritheacht iniúchóireachta trí oibleagáidí iniúchóireachta breise i leith Ghníomhaireachtaí an Aontais (Europol, Frontex, Eurojust) a chur san áireamh, d'fhonn teorannú de réir cuspóra a chosaint agus chun a fhíorú go bhfuil rochtain ag na heintitis sin ar shonraí i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach agus go bhfuil siad ag próiseáil sonraí i gcomhréir leo chomh maith. Beidh cuid dhlíthiúil agus theicniúil i gceist leis an gcur chuige comhpháirteach sin. Ina theannta sin, ós rud é go n-iarrtar go sainráite i rialacháin na gcóras mórscála TF ar MECS "*iniúchtaí i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta*" a dhéanamh, beidh gá le léirmhíniú coiteann ar an gceanglas sin.

**(3) Próifíliú algartamach** - Beidh sé d'aidhm ag an obair ar phróifíliú algartamach, go háirithe, MECS a shuíomh maidir le cur i bhfeidhm na huirlise sin laistigh den chreat idir-inoibritheachta (ETIAS agus VIS) agus ar bhonn níos ginearálta, ag díriú go háirithe ar shaincheisteanna a bhaineann le hidirdhealú, iontaofacht, comhréireacht agus trédhearcacht. Is saincheist chasta í an mhaoirseacht ar phróifíliú algartamach nach bhfuil ach ag na luathchéimeanna agus lena n-éilítear comhar le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile i réimse chearta an duine agus an neamh-idirdhealaithe, agus b'fhéidir le gníomhaithe eile ón tsochaí shibhialta agus ón saol acadúil. Lena leithéid de mhaoirseacht sin, tabharfar tacaíocht dár n-ionchur in obair ETIAS - an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil agus Treoirbhoird an Chórais Faisnéise Víosaí um Chearta Bunúsacha agus beidh sé d'aidhm aici uirlisí faireacháin agus maoirseachta iomchuí a fhorbairt don réimse nua maoirseachta sin.

*Tosaíocht #3: Comhar idirnáisiúnta chun cur chuige comhchoiteann domhanda a chur chun cinn maidir le dúshláin um phríobháideachas agus cosaint sonraí*

Measaimid go bhfuil sé ríthábhachtach páirt ghníomhach a ghlacadh sa chomhar idirnáisiúnta. Tríd an méid sin a dhéanamh, is féidir linn teagmháil a dhéanamh le pobal níos leithne, lasmuigh den Eoraip, agus comhthuiscint agus cur chuige coiteann a chur chun cinn maidir le dúshláin um phríobháideachas agus cosaint sonraí. Tá sé beartaithe againn ár n-iarrachtaí a mhéadú tuilleadh i réimse an chomhair idirnáisiúnta, ós rud é go bpléitear roinnt ábhar a bhfuil ardtábhacht straitéiseach ag baint leo i bhfóraim idirnáisiúnta.

Go háirithe, tá sé beartaithe againn comhordú a chothú maidir le gníomhaíochtaí agus straitéis chomhaltaí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí i bhfóraim idirnáisiúnta, páirt bhreise a ghlacadh san obair a dhéantar i gcomhthéacs GPA - Tionól Domhanda Príobháideachais, Chomhairle na hEorpa agus laistigh de Chruinniú Comhchéime G7 ÚCSanna, agus ECFE - an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, trí rannpháirtíocht ghníomhach agus ionadaíocht éifeachtach ar thuairimí údaráis na hEorpa agus an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí a áirithiú. Beidh sé mar aidhm againn freisin dlús a chur leis an gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le líonraí réigiúnacha cosanta sonraí.

*Tosaíocht #4: Athmhachnamh a dhéanamh ar phróisis MECS chun éifeachtúlacht a áirithiú i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa*

Tá straitéis MECS 2020-2024 á cur chun feidhme i dtréimhse inar tharla géarchéimeanna i ndiaidh a chéile. Idir an phaindéim COVID-19, agus ionradh na Rúise ar an Úcráin, agus costais fuinnimh agus bhoilscithe atá ag ardú, bhí orainn ár modhanna oibre agus ár bpróisis oibre a oiriúnú chun leanúint dár n-aschur a bhaint amach. Cé gur éirigh linn, i bprionsabal, na gealltanais a tugadh sa straitéis a bhaint amach, léirítear le hanailís inmheánach gur gá cineálacha cur chuige maidir le próisis áirithe a athchoigeartú tuilleadh, agus é mar aidhm againn feabhas a chur ar ár n-éifeachtúlacht agus ar ár gcaighdeáin fhadtéarmacha, mar riarachán poiblí de chuid an Aontais agus mar údarás cosanta sonraí araon.

Sa chás deireanach sin, baineann sé sin, i measc nithe eile, le táirgí insoláthartha amhail obair leantach a dhéanamh ar fhógraí faoi sháruithe sonraí, gearáin a réiteach, nó an cumas díriú go réamhghníomhach ar ábhair chriticiúla a bhaineann le comhlíonadh trí imscrúduithe nó iniúchtaí. Déanfar tuilleadh machnaimh ar uirlisí nua trína bhféadfar measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh ar líne nó ar bhonn cianda. Ag an am céanna, is constaic shuntasach iad srianta acmhainní daonna agus buiséadacha maidir le cúraimí maoirseachta MECS a chomhlíonadh.

Ar an gcaoi chéanna, leis an gcogadh san Úcráin, tugtar cúraimí nua neamhspleácha do MECS. In 2021, mhol an Coimisiún Eorpach pacáiste reachtach chun an Rialachán Eurojust a leasú ionas gur féidir próiseáil a dhéanamh ar fhianaise arna bailiú chun críche coireanna cogaidh arna déanamh ag an Rúis a imscrúdú. In 2022, ritheadh leasú reachtach eile, lenar ainmníodh Eurojust mar mhol Eorpach chun fianaise maidir le croí-choireanna idirnáisiúnta a chaomhnú, a stóráil agus a anailísiú. Tá ról tábhachtach againn i mbunú an bhunachair sonraí nua fianaise. I mí Eanáir 2023, d'fhógair an Coimisiún Eorpach go gcruthófaí an Lárionad Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh i gCoireacht an Ionsuithe (ICPA) ag Eurojust. Tá cúraimí suntasacha breise againn cheana féin mar thoradh ar na hathruithe reachtacha sin go léir nó tiocfaidh siad chun bheith mar thoradh orthu. I bhfianaise na tábhachta polaitiúla a bhaineann le tacaíocht an Aontais don Úcráin, chomh maith leis an ualach mór oibre a ghabhann léi, aithneofar ár ngníomhaíochtaí sa réimse seo mar cheann dár bpríomhthosaíochtaí.

Ós rud é go bhfuil an spéis ag an bpobal in obair MECS ag dul i méid, mar atá léirithe ag, i measc nithe eile, líon na n-iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid, táimid tiomanta freisin do chaighdeáin níos airde trédhearcachta, ní hamháin mar chuid de dea-riarachán, ach mar bhealach tábhachtach freisin chun ár gcuid oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine aonair. Geallaimid freisin leanúint d'ardleibhéil cosanta sonraí agus cuntasachta a áirithiú, agus dea-shampla a thabhairt ní hamháin trí cheanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh, ach freisin trí iniúchadh a dhéanamh ar uirlisí agus seirbhísí den scoth atá fabhrach don phríobháideachas agus do chosaint sonraí agus trí úsáid a bhaint astu. Maidir leis an gcibearshlándáil, beidh orainn dul in oiriúint do rialacháin nua a bheidh dírithe ar ardleibhéal coiteann cibearshlándála a áirithiú ar fud na EUInna.

CAIBIDIL 3

# *Ár mBuaicphointí in 2022*



## 3.1.
## Ár gcumhachtaí a úsáid chun daoine aonair a chosaint

Mar an t-údarás maoirseachta um chosaint sonraí a bhfuil sé de chúram orainn maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais (EUInna), is é an sprioc atá againn a chinntiú go gcomhlíonann siad dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, chun daoine aonair agus a gcearta bunúsacha maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí a chosaint.

D’fhonn é sin a bhaint amach, cuirimid treoir ar fáil do EUInna, eisímid moltaí, ráitis agus Tuairimí, déanaimid iniúchtaí, cuirimid seisiúin oiliúna ar fáil, chomh maith le hacmhainní eile chun na huirlisí oiriúnacha a chur ar fáil dóibh chun cosaint sonraí a chur i bhfeidhm le linn a gcúraimí laethúla, a gcinntí nó a mbearta ina mbíonn gá le sonraí pearsanta daoine aonair a phróiseáil.

### 3.1.1.
### Maoirseacht a dhéanamh ar an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais

I measc na n-ábhar a raibh ár n-idirghabháil ag teastáil ina leith, díríonn ár gcuid oibre go háirithe ar mhaoirseacht a dhéanamh ar Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais an Aontais Eorpaigh (AFSJ), lena gcumhdaítear réimsí beartais amhail bainistiú teorainneacha seachtracha, comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla, chomh maith le tearmann, imirce, comhrac na coireachta. Áirítear i Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais Gníomhaireachtaí AE, amhail Europol - Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an dlí, Frontex - Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an nGarda Teorann agus Cósta, OIPE - Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, Eurojust

- Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil. Dá bhrí sin, bhí tábhacht ar leith ag baint lenár ról sa réimse seo, mar gheall ar nádúr íogair na faisnéise a bhí á próiseáil, agus an tionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith aige sin mura bpléitear i gceart léi.

### 3.1.2.

## Aistrithe sonraí pearsanta chuig tíortha nach Ballstáit de AE/de LEE iad

De bharr na ceiste um aistriú idirnáisiúnta de shonraí pearsanta chuig tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), bhí orainn ár n-aird a dhíriú freisin uirthi thar na blianta, lena n-áirítear in 2022, ina raibh gá dúinn acmhainní suntasacha a shlógadh ionas go n-áiritheofaí an leibhéal cosanta do shonraí pearsanta daoine aonair.

Chuige sin, rinneamar líon áirithe tionscnamh, agus chuireamar comhairle agus moltaí ar fáil maidir leis an gcaoi ar cheart d'institiúidí an Aontais ceanglais dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh agus seirbhísí á n-úsáid nó conarthaí á ndéanamh acu le heintitis atá lonnaithe lasmuigh de AE/de LEE.



### Úsáid táirgí agus seirbhísí neamh-AE/neamh-LEE

I measc ár dtionscnamh tá ár n-imscrúduithe leanúnacha ar an úsáid a bhaineann EUInna as táirgí agus néalseirbhísí ó eintitis atá lonnaithe lasmuigh de AE/de LEE, go háirithe an úsáid a bhaineann an Coimisiún Eorpach as Microsoft Office 365, treoirlínte agus beartais a eisiúint, chomh maith le hoiliúint a chur ar fáil do EUInna. Is é is aidhm do na hiarrachtaí sin feasacht na EUInna a mhúscailt maidir leis na rioscaí a bhaineann le huirlisí a úsáid nó gníomhaíochtaí próiseála sonraí a dhéanamh, rud a fhágann go ndéantar sonraí a aistriú lasmuigh de AE/de LEE. Tá sé mar aidhm againn freisin feasacht EUInna a mhúscailt maidir leis na clásail chonarthacha agus na socruithe riaracháin, chomh maith le bearta eile

atá le cur i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar sonraí pearsanta daoine aonair a chosaint ar bhealach atá coibhéiseach go bunúsach lasmuigh de AE/de LEE.

Mar chuid dár gcuid oibre sa réimse seo, agus i bhfianaise ár gcumhachtaí MECS, d'údaraíomar roinnt aistrithe sonraí pearsanta chuig tíortha nach bhfuil in AE/in LEE, ina raibh EUInna in ann nósanna imeachta láidre a chruthú agus bearta coimirce a ghlacadh chun a áirithiú gur ráthaíodh cosaint sonraí pearsanta daoine aonair leis na haistrithe sin.

D'fhonn dea-shampla a thabhairt sa réimse seo, táimid ag obair freisin i dtreo úsáid a bhaint as táirgí agus seirbhísí malartacha atá bunaithe in AE/in LEE, agus táimid ag spreagadh EUInna chun é sin a mheas chomh maith.

### 3.1.3.

## Iniúchóireacht a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF



Ceann de na príomhróil atá againn ná cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais a áirithiú i gcomhthéacs córais mhórscála TF i réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais. Ceann dár bhfeidhmeanna is ea iniúchadh a dhéanamh ar na córais seo chun a áirithiú go gcomhlíontar na rialacháin maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas.

Agus ár bhfeidhm iniúchóireachta á cur i gcrích againn, déanaimid meastóireacht ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chuir oibreoirí córais i bhfeidhm, lena gcinntítear go ndeartar na córais de réir na bprionsabal um phríobháideachas trí dhearadh. Cuirimid dea-chleachtais chun cinn freisin trí thorthaí agus moltaí ó iniúchtaí a roinnt le húdaráis cosanta sonraí eile de chuid an Aontais, lena gcothaítear cultúr barr feabhais i gcosaint sonraí agus i bpríobháideachas ar fud an Aontais.

Lenár ngníomhaíochtaí iniúchóireachta, oibrímid chun feasacht a mhúscailt i measc EUInna agus an phobail i gcoitinne maidir leis an tábhacht a bhaineann le cosaint sonraí agus príobháideachas i gcórais mhórscála TF. Tríd an ról ríthábhachtach sin a chomhlíonadh, cabhraímid le faisnéis phearsanta shaoránaigh an Aontais a chosaint agus lena n-áirithiú go gcloíonn córais mhórscála TF leis na caighdeáin is airde um chosaint sonraí agus príobháideachas.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinneamar iniúchadh ar an láthair ar thrí chóras mhórscála TF, ag eu-LISA - Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais in Strasbourg:

**Eurodac**, an Bunachar Sonraí Eorpach um Dhachtalascópacht Tearmainn, a chuidíonn le hiarratais ar thearmann a phróiseáil.

**SIS II**, a thacaíonn leis an tslándáil inmheánach agus le malartú faisnéise faoi dhaoine aonair agus faoi ábhair idir na póilíní náisiúnta, údaráis rialaithe teorann, údaráis chustaim, údaráis víosaí agus údaráis bhreithiúnacha.

**VIS**, a thacaíonn le cur i bhfeidhm chomhbheartas an Aontais maidir le víosaí agus lena n-éascaítear seiceálacha teorann agus comhar consalach.

Áiríodh san iniúchadh an t-athbhreithniú ar an modheolaíocht agus ar na cleachtais a úsáideann eu-LISA chun córais a fhorbairt agus a thástáil agus ag an am céanna a áirithiú go gcuirfear prionsabail slándála agus cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú i bhfeidhm. Ina theannta sin, rinneamar iniúchadh ar na bearta i ndáil le Rialachas Slándála TF, teagmhais slándála agus sáruithe ar shonraí pearsanta, agus rinneamar seiceáil ar chur i bhfeidhm na moltaí ó na hiniúchtaí a rinneamar roimhe seo.

## 3.2.
## Ár neamhspleáchas a chosaint

### Rialachán nua maidir le Europol: Caingean dlí de chuid MECS i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

An 16 Meán Fómhair 2022, d'iarramar go gcuirfeadh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) dhá fhoráil de Rialachán nua leasaithe Europol ar neamhní, a tháinig i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2022 (Cás T-578/22 - MECS v an Pharlaimint agus an Chomhairle). Tá tionchar ag an dá fhoráil ar oibríochtaí sonraí pearsanta a rinne Europol roimhe seo. Dá bharr, leis na forálacha sin, baintear an bonn go mór den deimhneacht dhlíthiúil do shonraí pearsanta daoine aonair agus cuireann siad neamhspleáchas MECS i mbaol.

## 3.3.

## Todhchaí dhigiteach níos sábháilte a mhúnlú

Mar atá sonraithe inár Straitéis MECS 2020-2024, is mór againn tionscnaimh ina ndéantar sonraí arna nginiúint san Eoraip a thiontú go luach do chuideachtaí agus do dhaoine aonair Eorpacha, agus a phróiseáiltear i gcomhréir le luachanna Eorpacha, chun todhchaí dhigiteach níos sábháilte a mhúnlú. I ndiaidh na treorach sin, chuireamar comhairle ar fáil do reachtóir an Aontais maidir le réimse leathan ábhar: sláinte, intleacht shaorga, tionscnaimh chun cabhrú leis an gcoireacht a chomhrac, mar shampla.

De ghnáth, cuirimid comhairle ar fáil do reachtóir AE maidir le reachtaíocht atá beartaithe i bhfoirm Tuairimí nó Barúlacha Foirmiúla. Eisítear ár **dTuairimí** mar fhreagairt ar iarrataí éigeantacha ón gCoimisiún Eorpach, a bhfuil dualgas dlíthiúil air ár dtreoir a lorg maidir le haon togra reachtach, chomh maith le moltaí agus tograí chuig an gComhairle i gcomhthéacs comhaontuithe idirnáisiúnta a mbíonn tionchar acu ar chosaint sonraí. Eisítear **Barúlacha Foirmiúla** mar fhreagra ar iarratas ón gCoimisiún Eorpach maidir le dréachtghníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe.

I gcás ina bhfuil tábhacht ar leith ag baint le togra reachtach nó togra ábhartha eile chun sonraí pearsanta a chosaint, féadfaidh an Coimisiún Eorpach dul i gcomhairle freisin leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB). I gcásanna den sórt sin, oibríonn MECS agus EDPB le chéile chun **Tuairim Chomhpháirteach** a eisiúint.

### Gníomh an Aontais Eorpaigh um Shonraí

D'eisíomar Tuairim Chomhpháirteach leis an EDPB maidir leis an togra le haghaidh an Ghnímh um Shonraí, arb é is aidhm dó rialacha comhchuibhithe a bhunú maidir le rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a ghintear ó raon leathan táirgí agus seirbhísí, lena n-áirítear réada nasctha ('Idirlíon na Rudaí Nithiúla'), feistí leighis nó sláinte agus cúntóirí fíorúla.

Cuireadh in iúl sa Tuairim nach mór sonraí a phróiseáil de réir luachanna Eorpacha má tá sé mar aidhm againn todhchaí dhigiteach níos sábháilte a mhúnlú. De réir mar a chruthaítear deiseanna nua maidir le húsáid sonraí, ní mór a áirithiú go bhfanfaidh an creat cosanta sonraí reatha go hiomlán slán. Chuireamar i bhfios go láidir freisin gur cheart rochtain na n-údarás poiblí ar shonraí a shainiú i gceart agus a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach agus comhréireach, rud nach amhlaidh faoin dréacht-Ghníomh um Shonraí.



## An Spás Eorpach Sonraí Sláinte

D'eisíomar freisin Tuairim Chomhpháirteach maidir leis an Togra le haghaidh Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte inar mholamar sonraí leictreonacha sláinte a chosaint go láidir.

Is é an Togra le haghaidh Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte an chéad cheann de shraith tograí le haghaidh spásanna coiteanna sonraí Eorpacha a bhaineann go sonrach le fearann. Beidh sé ina dhlúthchuid d'Aontas Sláinte na hEorpa a thógáil arb é is aidhm dó a chur ar chumas an Aontais lánúsáid a bhaint as an acmhainneacht a chuirtear ar fáil trí shonraí sláinte a mhalartú, a úsáid agus a athúsáid ar bhealach slán sábháilte.

In éineacht leis an EDPB, chuireamar roinnt ábhar imní in iúl, go háirithe maidir le húsáid thánaisteach sonraí sláinte leictreonacha.

## Intleacht Shaorga

Mar a tugadh chun suntais inár Straitéis MECS 2020-2024, tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as an Intleacht Shaorga (IS) i seirbhísí poiblí agus i gceartas coiriúil. Is é an ról atá againn a chinntiú go n-úsáidtear an teicneolaíocht nua seo i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus go n-urramaítear príobháideachas an duine aonair.

Sa bhreis ar thionscnaimh eile a tháirgeamar, nó ar ghlacamar páirt iontu, d'eisíomar Tuairim maidir leis an Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le hintleacht shaorga, cearta an duine, daonlathas agus leis an smacht reachta (Coinbhinsiún IS), a mheasamar a bheith ina céim thábhachtach chun an chéad ionstraim idirnáisiúnta maidir leis an intleacht shaorga a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí a fhorbairt de réir na gcaighdeán agus na luachanna Eorpacha maidir le cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta, lena gcomhlánaítear Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga. Mar sin féin, leagamar béim ar an ngá atá le coimircí iomchuí, láidre agus soiléire cosanta sonraí a chur san áireamh chun daoine aonair a chosaint a bhféadfadh úsáid córas intleachta saorga difear a dhéanamh dóibh.



### Coireacht a chomhrac

D'eisíomar rogha Tuairimí maidir le Tograí éagsúla i réimse an dlí choiriúil.

Mar shampla, bhí ceann dár dTuairimí, arna n-eisiúint i gcomhpháirt leis an EDPB, dírithe ar Rialachán atá beartaithe chun mí-úsáid ghnéasach leanaí (CSAM) a chosc agus a chomhrac. Chuireamar in iúl go dtacaímid le spriocanna agus aidhmeanna an Togra, agus chuireamar in iúl, áfach, gur cúis imní dúinn go bhféadfadh sé níos mó rioscaí a chruthú do dhaoine aonair, agus, dá réir sin, don tsochaí i gcoitinne, ná do na coirpigh a dtéitear sa tóir orthu maidir le hábhar mí-úsáide leanaí.

Sampla suntasach eile inar thugamar ár moltaí agus ár dtreoir is ea an t-ábhar maidir le comhair idirnáisiúnta chun an choireacht a chomhrac. Go háirithe, d'eisíomar Tuairim maidir le dhá thogra: ceann amháin chun údarú a thabhairt do Bhallstáit an Aontais an Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht a shíniú, agus an ceann eile chun údarú a thabhairt do Bhallstáit an Aontais an Prótacal céanna sin a dhaingniú.

Cé gur aidhm dhlisteanach í an choireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh, a bhfuil ról tábhachtach ag comhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear malartú faisnéise, ina leith, leagamar béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh comhaontuithe inbhuanaithe ag an Aontas chun sonraí pearsanta a chomhroinnt le tíortha nach bhfuil san Aontas chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Ba cheart go mbeadh na comhaontuithe sin ag luí go hiomlán le dlí an Aontais, lena n-áirítear na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí.

## 3.4.
## Todhchaí na cosanta sonraí: Forfheidhmiú éifeachtach sa saol digiteach




I mí an Mheithimh 2022, d'eagraíomar Comhdháil MECS, dar teideal "The Future of Data Protection: Effective Enforcement in the Digital World", *Todhchaí na Cosanta Sonraí: Forfheidhmiú Éifeachtach sa Domhan Digiteach*, inar tugadh le chéile breis agus 2,000 rannpháirtí, sa Bhruiséil agus ar líne araon.

Bhí níos mó ná céad cainteoir ann; trí phríomhsheisiún; sé sheisiún déag ar leithligh; naoi bpríomhráiteas aonair; agus cúig imeacht comhthreomhara eile. Le linn na hócáide a mhair dhá cothaíodh comhrá ríthábhachtach maidir le todhchaí na cosanta sonraí, le béim ar leith ar fhorfheidhmiú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Tá ár bhfís fhadtéarmach maidir le todhchaí na cosanta sonraí soiléir: is gá dul i ngleic le forfheidhmiú ar bhealach uile-Eorpach chun ardleibhéal cosanta fíor agus comhsheasmhach a chinntiú do dhaoine aonair agus chun gealltanas RGCS a chomhlíonadh.

## 3.5.
## Monatóireacht ar Theicneolaíocht & Fadbhreathnaitheacht

Ceann de thrí chroícholúin straitéis MECS do 2020-2024 is ea **fadbhreathnaitheacht**, eadhon, ár dtiomantas a bheith ina hinstitiúid chliste a bhreathnaíonn go fadtéarmach ar threochtaí i gcosaint sonraí agus ar an gcomhthéacs dlíthiúil, sochaíoch agus teicneolaíoch.

Ceann de na bealaí a chuireamar an fhadbhreathnaitheacht i bhfeidhm is ea dul i dteagmháil le saineolaithe, le speisialtóirí agus le húdaráis cosanta sonraí. Tá sé mar aidhm againn teicneolaíochtaí a thuiscint, anailís a dhéanamh ar a n-impleachtaí príobháideachais agus cosanta sonraí ar dhaoine aonair, agus é mar aidhm againn eolas a roinnt agus forbairt na dteicneolaíochtaí nua agus na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chur ar bhóthar ina gcomhlíontar an príobháideachas. Is iad **TechSonar** agus **TechDispatch** dhá cheann dár dtionscnaimh sa réimse seo.

Tá sé mar aidhm ag **TechSonar** treochtaí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn a réamh-mheas. Is é príomhaidhm an tionscnaimh seo tuiscint níos fearr a fháil ar fhorbairtí amach anseo in earnáil na teicneolaíochta ó thaobh na cosanta sonraí de. Bunaithe ar ár n-iarracht chomhchoiteann, trí threochtaí a scabhtáil, tobsmaointeoireacht, athbhreithniú, foilsiú, abhcóideacht agus trí fhaireachán leanúnach, tá sé mar aidhm againn cur leis an díospóireacht níos leithne maidir le fadbhreathnaitheacht laistigh de EUInna. Arna fhoilsiú an 10 Samhain 2022, sa dara tuarascáil bhliantúil TechSonar fiosraítear cúig theicneolaíocht ar fiú faireachán a dhéanamh orthu an bhliain seo chugainn. Is iad seo a leanas: airgeadra digiteach bainc cheannais; meiteachruinne; sonraí sintéiseacha; foghlaim chónasctha; agus córais chun bréagnuacht a bhrath.



Tá sé mar aidhm ag **TechDispatch** forbairtí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn a mhíniú. Tá tuarascálacha TechDispatch, ar bhuaigh muid dámhachtain an Tionóil Phríobháideachais Dhomhanda ina leith in 2021, mar chuid de ghníomhaíochtaí níos leithne MECS maidir le faireachán a dhéanamh ar theicneolaíocht. I ngach TechDispatch, tugtar cur síos fíorasach ar theicneolaíocht nua, déantar réamh-mheasúnú ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar phríobháideachas agus ar chosaint sonraí pearsanta, mar a thuigimid iad anois, agus soláthraítear naisc le tuilleadh léitheoireachta molta. Díríonn TechDispatch na bliana seo, a foilsíodh i mí Iúil 2022, ar Ardáin Chónaidhme na Meán Sóisialta Fediverse.




## 3.6.
## Nuálaíocht Dhigiteach

Tá cur chun cinn uirlisí atá neamhdhíobhálach don chosaint sonraí lena n-urramaítear agus lena dtugtar tús áite do chearta bunúsacha daoine aonair le linn a bhforbairte agus a n-úsáide ar cheann de phríomhaidhmeanna Straitéis MECS 2020-2024. D'fhonn teacht leis na cuspóirí sin, chuamar sa tóir ar uirlisí malartacha, go háirithe uirlisí cumarsáide agus comhoibríocha, trína gcomhlíontar dlíthe agus caighdeáin an Aontais maidir le cosaint sonraí, agus leanaimid orainn dul sa tóir ar na huirlisí sin. Trí úsáid a bhaint as na huirlisí malartacha sin féin, tá sé mar aidhm againn EUInna a spreagadh chun ár n-eiseamláir a leanúint. Ar an mbealach seo, is féidir linn ár spleáchas ar sholáthairtí monaplachta a íoslaghdú le chéile, chun gaibhniú teicneolaíochta díobhálach a sheachaint.

Tá ról suntasach againn i gcur chun cinn na nuálaíochta digití trína bheith ar thús cadhnaíochta, mar shampla, trí fheidhmchláir agus ardáin foinse oscailte a úsáid ina gcuirtear ar fáil roghanna malartacha, atá fabhrach don phríobháideacha,s ar tháirgí agus ar sheirbhísí a sholáthraíonn mórchuideachtaí teicneolaíochta, mar shampla. Baineann ár dtiomantas don phríobháideachas le líonraí sóisialta agus le huirlisí comhair araon, le tionscnaimh amhail EU Video, EU Voice, agus na tionscadail phíolótacha Nextcloud.

I mí Feabhra 2022, sheolamar céim phíolótach de dhá ardán meán sóisialta: [EU Voice](), chun poist rialta a fhoilsiú maidir lenár ngníomhaíochtaí, agus [EU Video](), chun físeáin a fhoilsiú, mar bhealaí cumarsáide breise malartacha chun idirghníomhú lenár lucht féachana. Tá an dá ardán mar chuid de líonraí meán sóisialta díláraithe, saor in aisce atá ina fhoinse oscailte a nascann úsáideoirí i dtimpeallacht atá dírithe ar phríobháideachas, bunaithe ar bhogearraí Mastodon agus PeerTube. Sa dhá thionscadal, cuirtear béim ar chosaint sonraí agus ar phríobháideachas úsáideoirí, rud a chinntíonn go bhfuil rochtain ag EUInna ar uirlisí cumarsáide atá i gcomhréir le luachanna agus prionsabail Eorpacha, gan a gcuid faisnéise pearsanta a chur i mbaol.




Sa bhreis ar líonraí sóisialta, tacaímid le glacadh uirlisí malartacha comhair ina dtugtar tús áite don phríobháideachas. Is sampla den tiomantas seo é tionscadal píolótach Nextcloud. Is néalardán foinse oscailte, féin-óstach é Nextcloud a ligeann d'úsáideoirí comhaid, féilirí agus teagmhálacha a stóráil, a roinnt agus a chomhoibriú go daingean. Trí uirlisí atá comhfhiosach maidir le príobháideachas amhail Nextcloud a chur chun cinn agus a úsáid, léirímid tiomantas d'éiceachóras digiteach a chothú a sheasann le prionsabail cosanta sonraí agus príobháideachais, rud a spreagann, ar deireadh thiar, forbairt roghanna nuálacha atá níos fabhraí don phríobháideachas.

I mí an Mheithimh 2022, le linn chomhdháil MECS dar teideal "[The Future of Data Protection: Effective Enforcement in the Digital World]()" *(Todhchaí na Cosanta Sonraí: Forfheidhmiú Éifeachtach sa Domhan Digiteach*), d'fhorbraíomar réiteach físchomhdhála saincheaptha freisin lena n-urramaítear go hiomlán na ceanglais maidir le haistriú sonraí faoin RGCS agus faoi Rialachán (AE) 2018/1725, lenar féidir linn dea-shampla a thabhairt agus an bealach a réiteach chun ceanglais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. Mar an t-údarás um chosaint sonraí atá inniúil ar mhaoirseacht a dhéanamh ar gach EUI, bhí sé tábhachtach dúinn a thaispeáint gur féidir comhlíonadh eiseamláireach a léiriú maidir le huirlisí físchomhdhála agus go háirithe cloí leis na rialacha maidir le haistrithe sonraí a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta a aistriú chuig tíortha lasmuigh de AE agus de LEE.

## 3.7.
## Cosaint sonraí a chur in iúl



Míniú a thabhairt ar a bhfuil ar siúl againn agus ar an bhfáth, ar bhealach trédhearcach, soiléir, idirghníomhach, mar chuid dár spriocanna mar eagraíocht, toisc go bhfuil sé tábhachtach do shaoránaigh an Aontais a gcearta cosanta sonraí a thuiscint, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu orthu sin.

### Láithreacht ar líne atá ag dul i méid de réir a chéile

Tá láithreacht sheanbhunaithe ar líne ag MECS ar roinnt cainéal meán sóisialta, eadhon Twitter (29,1k), LinkedIn, áit ar sháraigh muid 63,000 leantóir i mbliana, YouTube (2,75k), EU Voice (5,1k) agus EU Video (0,69k) lena bhfuilimid in ann teacht ar phobal domhanda go héasca agus go tapa.

Ar an iomlán, cruthaímid ábhar chun feachtais um infheictheacht a fheabhsú a chur chun cinn agus tuairisciú beo ar rannpháirtíocht MECS in imeachtaí.

### Cosaint sonraí a thabhairt níos gaire don phobal

D'fhéadfadh cosaint sonraí a bheith sách casta uaireanta; dá bhrí sin, chuireamar dua orainn féin ábhar a eisiúint a oireann do shaineolaithe agus do dhaoine nach saineolaithe iad araon i gcúrsaí cosanta sonraí, ag tabhairt ár gcuid oibre níos gaire don phobal.

Áirítear leis sin nuachtlitreacha míosúla a chur le chéile, blúiríní soláimhsithe míniúcháin a chur ar fáil faoinár dtionscnaimh is déanaí agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu sin ar an bpobal; bileoga eolais a chur le chéile, ina dtugaimid miondealú ar phríomhchoincheapa cosanta sonraí, chomh maith le feachtais ar na meáin shóisialta a chur i gcrích, agus comhoibriú le EUInna eile chun feasacht a mhúscailt maidir le cúrsaí cosanta sonraí. Ag dul níos faide sa treo seo i mbliana, sheolamar sraith podchraolta nua, Newsletter Digest, chun lucht féachana níos mó a shroicheadh, ag cur in iúl dóibh faoin méid a dhéanaimid chun a gcuid sonraí a chosaint.

### Na Meáin agus Caidreamh Poiblí

Bímid ag idirghníomhú go minic leis na meáin, go háirithe trínár bpreaseisiúintí maidir le tionscnaimh shuntasacha cosanta sonraí a mbíonn tionchar leathan acu ar fud an Aontais. I mbliana, tarraingíodh an aird ba mhó ar roinnt ábhair, le hiarrataí leantacha nó iarrataí ar agallaimh, amhail maoirseacht Europol agus Frontex, nó ár gComhdháil MECS i mí an Mheithimh.

Ar an gcaoi chéanna, déanaimid ár gcaidreamh leis an bpobal a chothabháil, trí aghaidh a thabhairt ar iarratais phoiblí ar ár gcuid oibre agus ar ár n-inniúlachtaí mar institiúid de chuid an Aontais, agus trí chuairteanna staidéir a eagrú ar ár n-áitreabh.

### An luas a ghéarú tar éis COVID-19

Ós rud é gur íoslaghdaíodh srianta COVID-19 de réir a chéile, bhíomar in ann imeachtaí a atosú, méadú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i bpearsa, agus na himeachtaí sin á gcur in oiriúint do dhomhan iar-COVID ag an am céanna. Dearadh ár n-imeachtaí agus ár ngníomhaíochtaí do fhreastal ar líne agus go pearsanta araon; ag an am céanna, chabhraigh sé seo linn ár dtionchar comhshaoil mar eagraíocht a laghdú. Go sonrach, d'éirigh linn dhá imeacht hibrideacha mhóra a óstáil go rathúil: an Chomhdháil maidir le 'The future of Data Protection: Effective enforcement in the digital world' (*Todhchaí na Cosanta Sonraí: Forfheidhmiú éifeachtach sa saol digiteach*) i mí an Mheithimh 2022, 2000 duine a óstáil ar líne agus go pearsanta araon, agus ár 'Supervision Conference: Data protection and criminal justice'(*Comhdháil Maoirseachta: Cosaint sonraí agus ceartas coiriúil*) i mí na Samhna 2022, le breis agus 200 duine ar líne agus i bpearsa. Don chuid is mó dár n-imeachtaí, rinneamar ár ndícheall bheith "níos glaise" trí fhoinsiú ó lónadóireacht áitiúil, dramhbhia a sheachaint agus ár n-ábhar branda a aimsiú go háitiúil agus a bheith déanta as ábhair in-athúsáidte.

### Cumarsáid Chomhoibritheach

In 2022, d'oibríomar le EUInna eile, ag comhoibriú le gníomhaíochtaí cumarsáide coiteanna. I mí Dheireadh Fómhair, chuamar i gcomhar le ENISA - Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil, agus leis an gCoimisiún Eorpach, chun feachtas a chur ar aghaidh le haghaidh mhí chibearshlándála na hEorpa (ECSM), agus chun 10 mbliana a bhunaithe a chomóradh. I gcás eile, chuireamar smaointe agus tacaíocht ar fáil i gcúrsaí cosanta sonraí chun críocha cumarsáide idirinstitiúidí ar líne (IOCC). Go háirithe le treoirthionscadal EU Voice agus EU Video, chomhoibríomar go forleathan le IOCC chun treoirlínte eagarthóireachta agus beartais freastalaithe a chur ar fáil chomh maith le cuidiú le EUInna páirt a ghlacadh sa tionscadal.

## 3.8.
## Eagraíocht atá ag teacht chun cinn

D'fhonn tacú lenár gcuspóirí, go háirithe iad siúd atá leagtha amach inár Straitéis MECS 2020-2024, tá ár n-eagraíocht leathnaithe againn, agus tá athruithe eile déanta againn chun ár modh oibre a léiriú ar bhealach níos fearr.



Rinneamar coigeartú ar eagrúchán inmheánach MECS, ag cruthú Seirbhís Dlí thiomnaithe, agus ag an Earnáil um Rialachas agus Comhlíonadh Inmheánach, chun an saineolas is gá a bhaint amach ionas go mbeifear in ann cúraimí áirithe a chur i gcrích.

D'fhonn ár spriocanna a bhaint amach, ní mór dúinn ár n-acmhainní a bhainistiú go cúramach. Maidir leis seo, rinneadh iarracht shuntasach sa phleanáil, forghníomhú agus iniúchadh dár mbuiséad.

Rinneamar na hullmhúcháin is gá freisin chun oifig idirchaidrimh MECS a oscailt in Strasbourg, a osclófar go hoifigiúil go luath in 2023, chun comhar idirinstitiúideach agus idirnáisiúnta a threisiú, agus chun a bheith in ann tacaíocht chomhairleach bhreise a chur ar fáil maidir le hábhair cosanta sonraí.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta 2022

Úsáidimid roinnt príomhtháscairí feidhmíochta (KPIanna) chun cabhrú linn faireachán a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht i bhfianaise na bpríomhchuspóirí atá sonraithe sa Straitéis MECS. Leis sin, ligtear dúinn ár gcuid gníomhaíochtaí a choigeartú, más gá, chun tionchar ár gcuid oibre a mhéadú agus chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní.

Áirítear leis an scórchlár KPI thíos tuairisc ghairid ar gach KPI agus ar na torthaí amhail an 31 Nollaig 2022. Tomhaistear na torthaí sin i gcomparáid le spriocanna tosaigh, nó torthaí na bliana roimhe sin, torthaí a úsáidtear mar tháscaire.

In 2022, d'éirigh linn na spriocanna a leagadh amach in ocht gcinn de naoi KPI a bhaint amach nó a shárú - i gcásanna áirithe, cé is moite de KPI8 - Ráta áitíochta an phlean bunaíochta. Leis na torthaí sin tugtar léiriú maith ar an mbealach dearfach atá coinnithe againn i gcur chun feidhme ár gcuspóirí straitéiseacha i rith na bliana.

| PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA (KPInna) | | Torthaí 31.12.2022 | Sprioc 2022 |
|---|---|---|---|
| KPI 1<br>Táscaire inmheánach | Líon na dtionscnamh, lenar áiríodh foilseacháin, a ndearna MECS iad a eagrú nó a chomheagrú maidir le faireachán a dhéanamh ar an teicneolaíocht agus maidir le teicneolaíochtaí a chur chun cinn chun feabhas a chur ar phríobháideachas agus ar chosaint sonraí | 13 thionscnamh | 10 dtionscnamh |
| KPI 2<br>Táscaire Inmheánach & Seachtrach | Líon na ngníomhaíochtaí dírithe ar réitigh bheartais thrasdisciplíneacha (inmheánacha & seachtracha) | 8 ngníomhaíocht | 8 ngníomhaíocht |
| KPI 3<br>Táscaire Inmheánach | Líon na gcásanna ar déileáladh leo i gcomhthéacs an chomhair idirnáisiúnta (GPA, CoE, ECFE, GPEN, IWGDPT, Comhdháil Earraigh, eagraíochtaí idirnáisiúnta) ar sholáthair MECS rannchuidiú suntasach i scríbhinn ina leith | 27 cás | 5 chás |
| KPI 4<br>Táscaire Seachtrach | Líon na gcomhad ar ghníomhaigh MECS mar phríomhrapóirtéir, mar rapóirtéir, nó mar bhall den fhoireann dréachtaithe lena n-aghaidh i gcomhthéacs an EDPB | 21 cás | 5 chás |

| | | | |
|---|---|---|---|
| KPI 5<br>Táscaire<br>Seachtrach | Líon na dtuairimí faoi Airteagal 42 agus líon na dtuairimí comhpháirteacha ó MECS-EDPB eisithe mar fhreagairt d'iarrataí ar chomhairliúchán reachtach an Choimisiúin Eorpaigh | 4 Chomhthuairim<br>27 Tuairim | An bhliain roimhe sin mar thagarmharc |
| KPI 6<br>Táscaire<br>Seachtrach | Líon na n-iniúchtaí/na gcuairteanna a rinneadh go fisiciúil nó go cianda | 4 iniúchadh<br>2 chuairt | 3 iniúchadh/ chuairt dhifriúla |
| KPI 7<br>Táscaire<br>Seachtrach | Líon leantóirí chuntais mheán sóisialta MECS YouTube (YT), LinkedIn (L), Twitter (T), EU Voice agus EU Video | YT - 2.75k<br>L - 63k<br>T - 29.1k<br>EU Voice - 5.1k<br>EU Video - 0.69k | Torthaí na bliana roimhe sin + 10 % |
| KPI 8<br>Táscaire<br>Inmheánach | Ráta áitíochta an phlean bunaíochta | 86,9% | 90% |
| KPI 9<br>Táscaire<br>Inmheánach | Cur chun feidhme an bhuiséid | 98,2% | 85% |

edps.europa.eu

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

EDPS